

## ❖ An Lúibín ❖

19 Meán Fómhair 2005



### **Go Barbados siar**

*Around 50,000 Irish – most with little or no English – were sent to the West Indies in the 17<sup>th</sup> century. They and the black slaves rebelled together, endured together and intermarried; their descendants may still have been speaking Irish on Montserrat as late as the 1860s.*

Is eol do chách gur cuireadh na mílte Éireanach chun Barbados sna hIndiacha Thiar sa 17ú haois, agus go ndeachaigh cuid acu ina dhiaidh sin go dtí oileáin eile, Montserrat go háirithe. Leathnú teanga agus dúchais ba ea an scaipeadh sin: an Ghaeilge ag bláthú tamall faoi theas na gréine agus ag feo faoi dheireadh.

Sa bhliain 1625 a ghlac Sasana seilbh ar Bharbadós, agus faoi lár na haoise bhí pobal láidir ann. Is beag daor Afracach a bhí ann ar dtús; baineadh feidhm as sclábhaithe bána, agus thugtaí drochíde cheart dóibh, cé nár mheasa plandálaithe Bharbadós ná a leithéidí ar oileáin eile. Príosúnaigh pholaitiúla ba ea a bhformhór – daoine a díoladh le ceannaithe i Londain tar éis buanna na Parlaiminte. Albanaigh ba thúisce a cuireadh anonn, agus Éireannaigh ina dhiaidh sin.

*Engagés* a thugtaí ar na daoine seo: chuirfí iad ina sclábhaithe dintiúr do na plandálaithe ar feadh cúig bliana nó seacht mbliana agus ina chúiteamh sin dhíolfadh an plandálaí a bpasáiste. Gheobhaidís a gcothú, agus bheadh píos talaimh acu i ndeireadh a dtéarma. Ach ba dhian an margadh é: iad a dhul ag obair sna muilte, sna seomraí beirithe agus sna páirceanna le héirí na gréine, iad ag maireachtáil go hainnis, iad i mbaol a lasctha i gcónaí. Ní hamhlaidh go raibh na máistrí go léir go dona, ach bhí mórán acu gan trócaire. Roinnt mhaith de na hÉireannaigh, idir mhná agus fhir, a bhain na hIndiacha Thiar amach, níor shearbhóntaí dintiúr i ndáiríre iad ach daoine a fuadaíodh. Bhain roinnt feidhmeannach agus eile brabús maith as an ngnó seo in Éirinn, cé go ndearna an rialtas iarracht ar é a chosc.

De réir a chéile tugadh slua isteach ón Afraic, agus ba bheag an mhoill ar dhaoir agus ar sclábhaithe éirí amach ach caoi a bheith acu air. D'éirigh na fir ghorma amach sa bhliain 1649; d'éirigh siad amach arís in éineacht leis na hÉireannaigh sa bhliain 1656. Cuireadh an dá cheannairc seo faoi chois go fíordhian, ach bhí eagla a mbáis ar na máistrí feasta roimh na hÉireannaigh go háirithe. Sa bhliain 1660, nuair a bhí eagla ar na plandálaithe roimh ionsaí ríoga, ordaíodh d'oifigigh áitiúla liosta a dhéanamh de na hÉireannaigh agus iad a ghabháil dá mba ghá.

Ní raibh na hÉireannaigh go léir faoi chuing. Bhí a lán díobh, idir mhná agus fhir, ina lucht fáin, iad ag imeacht ó phlandáil go plandáil de réir mar a thograídís. An fógra a chuir Daniel Searle, gobharnóir Bharbadós, amach sa bhliain 1657 dúirt sé go raibh na daoine úd ina 'vagabonds, refusing to labour, or to put themselves into any service' agus go raibh siad tugtha don ghadaíocht. Ba é an lascadh an leigheas ab fhearr.

D'fhág teacht na nÉireannach a rian ar phobal na n-oileán ar dhá shlí. Is é ba mhó ba chúis le pobal de shliocht measctha a bheith ann, clann na hÉireann agus na hAfraice. Agus is é a chuir an teanga Ghaeilge á labhairt ann, teanga a mhair go ceann i bhfad ar Mhontserrat – chomh déanach, b'fhéidir, leis an gcéad chuid den 19ú haois. Bhí trácht éigin air seo in Éirinn féin: féach

an iontráil a rinne an dialannáí Amhlaoibh Ó Súilleabháin ar 1 Aibreán 1931. Chuala sé ‘gurb í an teanga Ghaelach is teanga mháthartha i Montserrat san India Thiar’ agus go raibh sí á labhairt ann ‘go coiteann le daoine dubha agus bána’. (Déanann a eagarthóir tagairt freisin do scéal Sheáin Uí Dhonnabháin ón Rinn, mairnéalach a bhí ag caint i nGaeilge le bunadh an oileáin sa bhliain 1852, más fíor).

Táimid ag fanacht go fóill leis an scríbhneoir Gaeilge a thabharfadh léargas ar an scéal seo mar a thug Eoghan Ó Tuairisc léargas ar Bhliain na bhFrancach in *L’Attaque*. B’fhiú tabhairt faoi; is annamh a d’fhaighfeá ábhar ba shuimiúla.

Tá an achoimre is úsáidí le fáil i leabhar atá sean go leor anois: *Hell or Connaught: The Cromwellian Colonisation of Ireland 1652-1660*, Peter Beresford Ellis, Hamish Hamilton 1975. Féach freisin: *Cinn Lae Amhlaoibh*, eag. Tomás de Bhaldraithe, An Clóchomhar Tta, 1970.



### **Gardaí le Gaeilge (nó Fraincis nó Sínis)**

*The Irish police force is to welcome ethnic diversity and to have a language policy to match. One way or another Irish will be retained. But will this simply perpetuate linguistic lip-service?*

Tá ábhar na nGardaí le hathrú ó fhréamh: is féidir leat dul san fhórsa feasta más saoránach thú de thír san AE, den Eilbhéis nó den Chomhcheangal Eacnamaíoch Eorpach – an Iorua, mar shampla. Beidh seans agat freisin más saoránach de thír eile thú agus tú i do chónaí in Éirinn go dleathach le cúig bliana. (Beidh cead ag an gCoimisinéir speisialtóirí a earcú beag beann ar na gnáthcháilíochtaí.) Deir an tAire Cirt go mbeidh rian an phobail chomhaimseartha ar an bhfórsa dá bharr.

Ní nach ionadh, tá cúrsaí teangacha i gceist freisin. Faoi láthair caithfidh tú cáilíocht Ardeistiméireachta a bheith agat i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an méid sin le ligean ar lár. Ina ionad, caithfidh tú dhá theanga a bheith agat, agus caithfidh sé gur Gaeilge nó Béarla is ea ceann acu. Mura bhfuil Gaeilge ar bith agat gheobhaidh tú bunús na teanga sa Choláiste mar chuid den oiliúint. Dúirt an tAire go gcuirfear an teanga chun cinn go tréan san fhórsa arís mar a dhéantaí. Níor luaigh sé a laghad úsáid a bhainfeadh an gnáthGharda as aon teanga seachas Béarla go fiú in Éirinn an ilchultúrachais agus na ngaelscoileanna, ach is cosúil go bhfuil dóchas aige.

Ní raibh Conradh na Gaeilge ná *iMeasc* (eagraíocht na n-inimirceach le Gaeilge) doicheadallach roimh na hathruithe. Dúirt siad gur gá do Ghardaí buneolas praiticiúil a bheith acu ar an teanga. Ach tá bun éigin fírinne leis an méid a scríobh an t-iriseoir Kevin Myers (a tharraingíonn fearg na bhfírén air féin go minic) i dtaobh an scéil: nach bhfuil i mbeartas Gaeilge na nGardaí ach ‘a farce and an insult to the language’ agus go ndealraíonn sé go bhfuil na hÉireannaigh sásta le maslú oifigiúil na teanga chun go bhféadfaí a rá go bhfuil rud éigin á dhéanamh ar a son, cuma cé chomh fánach is atá sé.



### **Báire gan Ghaeilge**

*Acaill Island in Mayo is one of the many symbolic sites of a declining Gaeltacht. Local enthusiasts are linking the language to the glories of football and the puck – but is it enough?*

Is gearr ó bhí scéal ar *Lá* faoin iarracht atá á déanamh le bliain nó dhó in Oileán Acla, Maigh Eo, leis an teanga Ghaeilge a neartú. Níl aon easpa áilleachta ar an oileán céanna, rud a tharraingíonn na turasóirí, agus tagann an Béarla leo. Chuir CLG campa samhraidh ar bun ar an oileán i mbliana agus bhí timpeall dhá scór is deich nduine óga ann lena gcuid Gaeilge a

chleachtadh agus faobhar a chur ar a gcumas imeartha. Bhí tacaíocht le fáil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ó Choiste Chontae Mhaigh Eo – coiste a bhfuil oifigeach Gaeilge an-ghníomhach acu.

Más ea, tá a fhios ag cách le tamall maith go bhfuil úsáid na teanga ag na foirne Gaeltachta ag dul i laige go suntasach, rud a leanann lagú na teanga sa phobal féin. I measc an aosa óig is mó atá an lagú sin le tabhairt faoi deara, ní nach ionadh. Rud eile é a léiríonn nach bhfuil sa Ghaeltacht oifigiúil ach limistéar an-teoiriciúil. Tá Oileán Acla ar na samplaí is fearr – áit ar chóir di a bheith ina Gaeltacht sách bríomhar ach ar éigean a bhfuil an teanga le cloisteáil ann anois. (B'fhéidir nach leor d'oileán í.) Is beag duine nach molfadh an dúthracht atá á caitheamh le caomhnú na Gaeilge ann, ach athrú iomlán saoil a bheadh ag teastáil chun dea-chuma a chur ar an scéal. Ní dhéanfaidh CLG é.

Ina dhiaidh sin is uile, cad déarfá le Seán Óg Ó hAilpín, laoch an chluiche ag Páirc an Chrócaigh ar 11 Meán Fómhair, nuair a sháraigh foireann Chorcaí Contae na Gaillimhe san iománaíocht? San Fhidsí a rugadh é, agus is í an Fhidsis teanga an bhaile fós aige; tháinig sé go dtí Sydney ina dhiaidh sin, áit a bhfuair sé máistreacht ar Bhéarla; tá sé ina chónaí in Éirinn anois, agus Gaeilge ar a thoil aige – an Ghaeilge chéanna a chualathas go líofa aige agus é ag caint os comhair an tsaoil i ndeireadh an chluiche. Dea-shampla go deimhin – agus feicimid cá mhéad imreoir óg a leanfaidh é.



### **Iriseoirí cló**

*Irish has long been a journalists' medium, but of late the emphasis has been on the skills needed for radio and television. Now attention is turning again to print.*

Tá Seán Tadhg Ó Gairbhí ina eagarthóir ar *Foinse*, agus bhí an méid seo le rá aige ar *The Irish Times* (14 Meán Fómhair):

Feicim go bhfuil ceardlann dírithe ar an iriseoireacht Ghaeilge chlóite á reáchtáil ar an Ómaigh roimh dheireadh na míosa. Is maith ann a leithéid, ach is trua gur fágtha faoi cheardlann mar seo a bheadh sé oiliúint a chur ar dhaoine sa cheird seo.

Le suim blianta anuas, tá méadú mór tagtha ar líon na ndeiseanna oideachais do dhaoine ar suim leo dul leis na meáin Ghaeilge.

Faraor, is dírithe ar scileanna don raidió agus don teilifís atá an chuid is mó de na cúrsaí sin agus má thagraíonn siad in aon chor don iriseoireacht chlóite is tagairt do scéal fánach atá i gceist.

An té a mbeadh eolas aige ar *Foinse*, ar *Lá* nó ar na hirísí Gaeilge bheadh a fhios aige gur minic stíl thur agus foclóir bocht ag baint le hiriseoireacht na Gaeilge. Is minic dul an Bhéarla le fáil uirthi freisin, ach sin scéal eile – scéal gan réiteach, b'fhéidir.

Is iomaí teanga atá ag baint leis an iriseoireacht, mar a deir Ó Gairbhí - teanga an scéil nuachta, teanga an ghné-ailt, teanga an cholúin agus teanga an agallaimh - agus iad go léir le fáil i nGaeilge. Tá cuid de lucht cleachta na ceirde níos fearr ná a chéile: ba bhríomhaire iriseoireacht Bhreandáin Uí Eithir ná a chuid saothar liteartha, agus d'fhág na mná a rian ar an gceird ar shlí nár éirigh leo a dhéanamh i gcúrsaí úrscéalaíochta agus eile. Is féidir a rá i ndáiríre gur litríocht í an chuid is fearr den iriseoireacht - sin é le rá, rud a nochtann diamhair ár saoil do na glúine romhainn. Is é is lú is gann dúinn a iarraidh ar an iriseoir píosa a léifimis le fonn.

Is iad comharthaí sóirt na hiriseoireachta is fearr an tuiscint agus an cheardúlacht. Is deacair (agus b'fhéidir nach ceart) seoid ealaíonta a dhéanamh de thimpiste bhóthair nó de chúrsaí airgeadais, ach is féidir cuntas a scríobh ar a leithéidí le gontacht agus le héifeacht. De ghnáth, i dteanga ar bith, bíonn an scaoilteacht ag bagairt ar stíl an iriseora, go fiú sna píosaí is simplí; is léir é seo d'aon duine a thug faoi ábhar a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus ar éirigh leis leath an bhunleagain a fhágáil ar lár gan dochar a dhéanamh don scéal.

Tá buanna ag baint leis an nGaeilge a oireann go fíormhaith don iriseoireacht - gontacht, tíriúlacht, agus filiúntacht nuair is gá. Ba chirt a rá gurb iad seo buanna na teanga mar a bhí sí sa seansaol; tá sí ag athrú anois, agus tamall de bhlianta ó shin d'admhaigh colúnaí de chuid *Foinse* go raibh rian an Bhéarla go suntasach ar an nGaeilge a bhí á scríobh ag a leithéidí. D'admhaigh sé é seo tar éis do léitheoir áirithe stíl an cholúnaí a 'cheartú'. Is féidir le hiriseoir géilleadh do nósanna combhaimseartha na teanga agus stíl snasta measctha a dhéanamh den sean agus den nua, ach is annamh a dhéantar é. Is minic brú ama ar iriseoirí, ar ndóigh, rud nach gcuidíonn leo na sean-nathanna agus an stíl stalctha a sheachaint. Agus mar a deir Ó Gairbhí: 'Ní leor an dea-Ghaeilge agus splanc mheabhreach le bheith i d'iriseoir Gaeilge'. Caithfidh tú a bheith in ann an t-ábhar a chur in oiriúint don mheán; an té atá ina chraoltóir maith ní gá go mbeadh sé chomh maith sin i mbun pinn.

Mar sin féin, is minic an dea-Ghaeilge féin gann go leor. Mhothófá uait an nádúrthacht stíle a luaitear leis na cainteoirí dúchais, dream a bhfuil a líon ag dul i laghad i gcúrsaí iriseoireachta, mar atá i gcúrsaí eile. Ina n-ionad tá Gaeilgeoirí a d'fhoghlaim a gcuid den teanga ar scoil, cuid acu níos fearr ná a chéile. Tá an teanga á múnlú i gcónaí de réir an tsaoil atá anois ann, agus ní léir fós cén chuma a bheidh uirthi i ndeireadh na dála. Idir an dá linn, molaimis an té a chuireann faobhar ar ár n-aigne le cumas pinn.



### **Teip sa Scrúdú**

*There has been a modest but genuine increase in interest in Irish abroad and at home, but many Irish school students could cheerfully dispense with it. Curriculum problems play a part; more important is the fact that they do not see the language as an integral part of the country they know. Modern Ireland expresses its cultural and political identity in confident English. But still the tinkering goes on...*

Cá mhéad ábhar a bhfuil níos mó éilimh orthu ná ar Ghaeilge sa Mheánteistiméireacht? Sé cinn: Béarla, mata, CSPE (dualgais saoránachta), stair agus tíreolaíocht. Tá méadú ag teacht ar an líon daltaí a maitear an Ghaeilge dóibh sa Mheánteistiméireacht agus san Ardteistiméireacht – méadú 400% ar feadh na ndéic mbliana seo caite. Chun an maitheamh sin a fháil bheadh ort a thaispeáint go raibh tú i do chónaí thar lear go dtí go raibh tú aon bhliain déag, gurbh eachtrannach thú nó go raibh deacrachtaí foghlama agat. Ní mór a chur san áireamh go bhfuil mórán daltaí ón iasacht sna scoileanna anois; deirtear freisin nach deacair do dhaltaí i scoileanna príobháideacha maitheamh a fháil. Cibé scéal é, tá inní ar an Roinn agus tá treoirlínte nua á n-ullmhú. Mar sin féin, déanann formhór mór na ndaltaí an teanga fós, cé gur dócha nach mbeadh brón ar mhórán acu dá ligfí an Ghaeilge ar lár.

Bhí cúpla focal le rá ag an NCCA (an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta) freisin, agus ní ar Ghaeilge amháin a bhí aird acu. Ba mhaith leo deireadh a chur le scrúduithe béil a ligeann do dhaltaí píosa cainte a chur de ghlannmheabhair agus é a aithris dá réir. Deir an NCCA gur dócha gur beag spéis a bhí ag mórán daltaí san ábhar agus gur ghá béim a chur ar fhíorchumarsáid. Ba mhaith an rud eolas gramadúil a chur á scrúdú níos déine, agus siollabas ar

leith a chur ar fáil do chainteoirí dúchais. Deir an NCCA freisin gur gá teangacha a mhúineadh de réir beartais choitinn, rud nach bhfuil á dhéanamh faoi láthair.

Is cosúil gur fiú na moltaí seo a chur i bhfeidhm, ach i gcás na Gaeilge ní fhuasclaíonn siad an bhunfhadhb - gan baint a bheith ag an teanga le féiniúlacht náisiúnta an aosa óig. Is Éire fós í Éire le Béarla; bíodh an Ghaeilge ar fáil mar rogha ag an té ar binn leis í, agus fágaimis sin mar atá. Ní argóint nua í, ach tá fuaimint inti, agus d'fhéadfadh sí deireadh a chur ar fad le *compulsory Irish*. Agus tá baint aici le díospóireacht níos leithne faoi chúrsaí teanga agus dúchais ar fud an domhain. Beidh a thuilleadh le rá againn i dtaobh na ceiste seo sa chéad eagrán eile.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au).

Colin Ryan